Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8785/25**

**ENV 317**
**ENT 64**
**COMPET 350**
**IND 136**
**SAN 205**
**CONSOM 80**
**MI 294**
**CHIMIE 28**
**DELACT 55**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Bealtaine 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 2566 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 5.5.2025 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 2566 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 2566 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 5.5.2025
C(2025) 2566 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 5.5.2025**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 1 de Rialachán (AE) 2019/1021 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha ('Rialachán POPanna') bunaítear mar chuspóir an Rialacháin sin sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha ('POPanna') trí thoirmeasc, céimniú amach a luaithe is féidir nó srianadh a dhéanamh ar mhonarú, ar chur ar an margadh agus ar úsáid substaintí atá faoi réir Choinbhinsiún Stócólm maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha, i measc nithe eile.

Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/784 ón gCoimisiún, liostaíodh aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara faoi Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 ('an iontráil maidir le PFOA') maille le díolúintí sonracha. Leis an díolúine shonrach faoi mhír 6, ceadaítear PFOA, a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara a úsáid i gcúr comhraic dóiteáin le haghaidh sochtadh gaile breosla leachtaigh agus dóiteáin breosla leachtaigh (dóiteáin Aicme B) atá suiteáilte cheana féin i gcórais, lena n-áirítear córais shoghluaiste agus fhostaithe araon, faoi réir coinníollacha áirithe. Rachaidh an díolúine sin in éag an 4 Iúil 2025.

Chuir roinnt údarás agus páirtithe leasmhara in iúl don Choimisiún go bhfuil deacrachtaí ag roinnt mhaith oibreoirí cloí leis an spriocdháta sin. D'fhéadfadh cúiseanna éagsúla a bheith leis sin, lena n-áirítear na deacrachtaí a bhaineann le comhdhúile PFOA-ghaolmhara a thomhas sna cúir agus gannmheastachán a dhéanamh ar thoirteanna cúr ina bhfuil PFOA. Thairis sin, mar gheall ar phróisis srianta atá i bhfeidhm faoi láthair faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ('REACH'), tá coinne leis, mar thoradh orthu, go mbeidh ar chuideachtaí roghanna malartacha a chur in ionad gach cúr comhraic dóiteáin de bhunús PFAS. Dá gcuirfí síneadh leis an díolúine, laghdófaí an riosca go ndéanfadh cuideachtaí, mar gheall ar easpa ama, cúir ina bhfuil PFOA a ionadú le cúir eile de bhunús PFAS seachas cúir atá saor ó fhluairín.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún síneadh a chur leis an díolúine shonrach go dtí an 3 Nollaig 2025, is é sin an dáta is déanaí is féidir faoin díolúine shonrach 5 bliana atá i bhfeidhm faoi láthair i gCoinbhinsiún Stócólm.

San iontráil maidir le PFOA, ní shocraítear teorainn shonrach maidir le Rianéilleán Neamhbheartaithe (RÉNB) maidir le PFOA, a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara i gcúir comhraic dóiteáin. Tá feidhm ag teorainneacha ginearálta RÉNB i míreanna 1 agus 2. Ós rud é go dtuairiscítear go bhfuil comhdhúile den sórt sin mar rianéilleáin neamhbheartaithe i gcúir áirithe os cionn na dteorainneacha a shocraítear i míreanna 1 agus 2, is iomchuí teorainn RÉNB a shocrú le haghaidh na gcomhdhúl sin i gcúir comhraic dóiteáin san iontráil maidir le PFOA ar feadh tréimhse 3 bliana.

Nuair a bhaintear cúir ina bhfuil PFOA de na córais comhraic dóiteáin, fiú tar éis an ghlantacháin, d'fhéadfadh sé go mbeadh cuid de na substaintí sin fágtha laistigh den chóras agus go ndéanfaí na cúir nua a shuiteálfar a éilliú. Dá bharr sin, is iomchuí teorainn RÉNB a shocrú le haghaidh cúir comhraic dóiteáin a shuiteáiltear tar éis an córas comhraic dóiteáin a ghlanadh ionas nach mbeidh gá na cúir nua a ionadú mar gheall ar an éilliú sin.

Le míreanna 3 agus 10 den iontráil maidir le PFOA, socraíodh oibleagáid don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar roinnt teorainneacha RÉNB le haghaidh PFOA, a shalann agus a chomhdhúl PFOA-ghaolmhar. Níl aon fhaisnéis ann faoi láthair lena dtacaítear le hathrú ar na teorainneacha RÉNB sin. Ós rud é gur féidir leis an gCoimisiún an iontráil maidir le PFOA a leasú má bhíonn faisnéis nua ar fáil, tá sé beartaithe an dá chlásal athbhreithniúcháin a bhaint.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuathas i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag na Ballstáit ag cruinniú de chuid an ghrúpa saineolaithe ábhartha ('grúpa saineolaithe na mBallstát agus na n-údarás inniúil um POPanna') maidir leis an dréachtghníomh tarmligthe agus cuireadh barúlacha san áireamh. Ghlac na páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear an tionscal ceimiceán agus an tsochaí shibhialta, páirt freisin sa phlé maidir le liostú PFOA, a shalann agus a chomhdhúl PFOA-ghaolmhar in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 a leasú i gcruinniú na n-údarás inniúil um POPanna agus cuireadh barúlacha san áireamh.

Rinneadh comhairliúchán poiblí maidir leis an ndréachtghníomh trí thairseach an tsásra aiseolais ón bpobal ón 8 Samhain go dtí an 6 Nollaig 2024, agus cuireadh na barúlacha san áireamh mar a leanas.

Bhí roinnt barúlacha ann inar tacaíodh leis an togra chun dul in éag na díolúine sonraí maidir le húsáid PFOA, a shalann agus a chomhdhúl PFOA-ghaolmhar i gcúir comhraic dóiteáin le haghaidh sochtadh gaile breosla leachtaigh agus dóiteáin breosla leachtaigh (dóiteáin Aicme B) atá suiteáilte i gcórais cheana féin a chur siar. Sna barúlacha tacaíodh le teorainn RÉNB a thabhairt isteach le haghaidh PFOA, a shalann agus a chomhdhúl PFOA-ghaolmhar i gcúir comhraic dóiteáin freisin. Chuirfeadh na hathruithe sin níos mó ama ar fáil d'oibreoirí a bhaineann úsáid go fóill as cúir ina bhfuil na substaintí sin os cionn na teorann RÉNB atá ann faoi láthair chun ionadú a dhéanamh ar na cúir sin. Maidir leis an teorainn RÉNB atá beartaithe le haghaidh comhdhúile PFOA-ghaolmhara i gcúr comhraic dóiteáin saor ó fhluairín atá suiteáilte i dtrealamh comhraic dóiteáin a ndearnadh glanadh air, iarradh i roinnt barúlacha go gcuirfí teorainn shonrach RÉNB san áireamh freisin le haghaidh PFOA i gcúir comhraic dóiteáin den sórt sin.

I roinnt barúlacha eile, níor tacaíodh leis an togra ón gCoimisiún maidir le teorainneacha nua RÉNB, toisc go mbeadh nochtadh breise do PFOA mar thoradh air sin agus toisc go bhfuil teicnící glantacháin agus cúir atá saor ó fhluairín ar fáil.

Measann an Coimisiún go bhfuil údar maith le níos mó ama a thabhairt chun cúir comhraic dóiteáin ina bhfuil PFOA, a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara a ionadú, ionas go n-aistreodh oibreoirí chuig cúir atá saor ó fhluairín seachas cúir eile de bhunús PFAS a chur ina n-ionad. Tá gá le níos mó ama chun an t-ionadú sin a dhéanamh toisc nach féidir an malartú le cúir atá saor ó fhluairín a dhéanamh ar an toirt agus gur gá córais comhraic dóiteáin a chur in oiriúint d'úsáid cúr den sórt sin. Measann an Coimisiún gurb iomchuí freisin teorainn shonrach RÉNB a shocrú le haghaidh PFOA, a shalann agus a chomhdhúl PFOA-ghaolmhar i gcúr comhraic dóiteáin saor ó fhluairín atá suiteáilte i dtrealamh comhraic dóiteáin a ndearnadh glanadh air, ionas nach nginfear méideanna móra dramhaíola leachtaí ná nach ndéanfar trealamh comhraic dóiteáin a dhiúscairt róluath.

Moladh i roinnt barúlacha caighdeáin ghlantacháin a shainiú, an teorainn RÉNB atá beartaithe le haghaidh cúir comhraic dóiteáin a ísliú de réir a chéile agus clásal athbhreithniúcháin a leagan síos. Maidir leis na moltaí chun caighdeáin ghlantacháin a shainiú, tá treoirdhoiciméad á fhorbairt faoi láthair. Ní mheasann an Coimisiún gurb iomchuí RÉNB a ísliú de réir a chéile toisc go gcuirfear cúir atá saor ó fhluairín in ionad na gcúr sin le himeacht ama, agus an srian atá i bhfeidhm faoi láthair faoi Rialachán REACH á chur san áireamh freisin. Maidir leis an athbhreithniú, is féidir leis an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an iontráil in Iarscríbhinn 1 tráth ar bith má bhíonn faisnéis ábhartha bhreise ar fáil.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an ngníomh tarmligthe, modhnaítear an iontráil atá ann cheana maidir le PFOA, a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 chun í a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil. Is é Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2019/1021 is bunús dlí don ghníomh tarmligthe atá beartaithe.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 5.5.2025**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha[1], agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/1021, cuirtear chun feidhme gealltanais an Aontais faoi Choinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha[2] ('an Coinbhinsiún') agus faoin bPrótacal a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha[3].

(2) Tá liosta ceimiceán in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún. Ceanglaítear ar gach Páirtí sa Choinbhinsiún na ceimiceáin ar an liosta a thoirmeasc nó na bearta dlíthiúla agus riaracháin is gá a dhéanamh chun deireadh a chur lena dtáirgeadh, lena n-úsáid, lena n-allmhairiú agus lena n-onnmhairiú, agus díolúintí sonracha is infheidhme a leagtar síos san Iarscríbhinn sin á gcur san áireamh san am céanna.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/784 ón gCoimisiún[4], leasaíodh Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 chun aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara a chur san áireamh ('an iontráil maidir le PFOA'). Ina dhiaidh sin, leasaíodh an iontráil maidir le PFOA le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/115 ón gCoimisiún[5] agus le Rialachán Tarmligthe 2023/866 ón gCoimisiún[6].

---

1 IO L 169, 25.6.2019, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1021/oj.

2 Cinneadh 2006/507/CE ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2004 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, Choinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha (IO L 209, 31.7.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2006/507/oj).

3 Cinneadh 2004/259/CE ón gComhairle an 19 Feabhra 2004 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Phrótacail a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha (IO L 81, 19.3.2004, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/prot/2004/259/oj).

4 Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/784 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2020 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara a liostú (IO L 188I, 15.6.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/784/oj).

5 Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/115 ón gCoimisiún an 27 Samhain 2020 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a

(4) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 tá díolúine shonrach maidir le húsáid PFOA, a shalann agus a chomhdhúl PFOA-ghaolmhar i gcúr comhraic dóiteáin le haghaidh sochtadh gaile breosla leachtaigh agus dóiteáin breosla leachtaigh (dóiteáin Aicme B) atá suiteáilte cheana féin i gcórais, lena n-áirítear córais shoghluaiste agus fhostaithe araon, faoi réir coinníollacha áirithe. Rachaidh an díolúine sin in éag an 4 Iúil 2025. Thuairiscigh na Ballstáit agus páirtithe leasmhara go bhfuil deacrachtaí ann d'oibreoirí maidir leis an sprioc-am a chomhlíonadh. D'fhéadfadh sé gurb amhlaidh an cás i ngeall ar na deacrachtaí a bhaineann le comhdhúile PFOA-ghaolmhara a thomhas sna cúir agus gannmheastachán a dhéanamh ar thoirteanna cúr ina bhfuil comhdhúile PFOA-ghaolmhara. Ba cheart, dá bhrí sin, síneadh a chur leis an díolúine shonrach go dtí an 3 Nollaig 2025, arb é sin an síneadh is faide is féidir a chur léi faoin gCoinbhinsiún.

(5) I bpointe 1 den iontráil maidir le PFOA in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021, socraítear teorainn an rianéilleáin neamhbheartaithe (RÉNB) ag 0,025 mg/kg le haghaidh PFOA nó aon cheann dá shalainn, i gcás ina bhfuil siad i substaintí, meascáin agus earraí. I bpointe 2 den iontráil sin, socraítear an teorainn RÉNB ag 1 mg/kg le haghaidh aon chomhdhúil PFOA-ghaolmhar aonair nó teaglaim de chomhdhúile PFOA-ghaolmhara, i gcás ina bhfuil siad i substaintí, meascáin nó earraí. Ós rud é gur léiríodh i sonraí anailíseacha a fuarthas le déanaí ó roinnt Ballstát gur féidir PFOA nó a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara a bheith i dtiúchain níos airde mar rianéilleáin neamhbheartaithe i gcúir comhraic dóiteáin agus tiúcháin cúir comhraic dóiteáin le haghaidh sochtadh gaile breosla leachtaigh agus dóiteáin breosla leachtaigh (dóiteáin Aicme B) atá suiteáilte cheana féin i gcórais, ba cheart teorainn shonrach RÉNB a shocrú ag 1 mg/kg le haghaidh PFOA nó aon cheann dá shalainn agus ag 10 mg/kg le haghaidh aon chomhdhúil PFOA-ghaolmhar nó teaglaim de chomhdhúile PFOA-ghaolmhara i gcúir agus i dtiúcháin chúir den sórt sin ar feadh tréimhse 3 bliana. Leis an tréimhse sin, beidh a ndóthain ama ag oibreoirí cúir agus tiúcháin chúir ina bhfuil PFOA nó aon cheann dá shalainn agus dá chomhdhúile PFOA-ghaolmhara os cionn na dteorainneacha RÉNB atá ann faoi láthair a ionadú.

(6) Agus cúir ina bhfuil PFOA, a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara á mbaint de na córais comhraic dóiteáin, d'fhéadfadh sé go mbeadh cuid de na substaintí sin fágtha laistigh den chóras fiú tar éis é a ghlanadh agus go ndéanfaí na cúir nua a shuiteálfar a éilliú. Dá bhrí sin, is iomchuí teorainn RÉNB a shocrú le haghaidh PFOA, a shalann agus a chomhdhúl PFOA-ghaolmhar i gcúir comhraic dóiteáin saor ó fhluairín a shuiteáiltear tar éis an córas comhraic dóiteáin a ghlanadh chun na cúir ina bhfuil PFOA, a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara a ionadú. Ba cheart an teorainn sin a shocrú ag 10 mg/kg le haghaidh shuim PFOA, a shalann agus a chomhdhúl PFOA-ghaolmhar.

(7) Chun soiléireacht a áirithiú maidir leis na cúir, na tiúcháin nó na tuaslagáin a chumhdaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021, cuirtear sainmhíniú isteach lena soiléirítear go gcumhdaítear leis an téarma 'Cúr comhraic dóiteáin' aon mheascán a úsáidtear chun dóiteáin a chomhrac le cúr mar aon le

bhaineann le haigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara (IO L 36, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/115/oj.

6 Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/866 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara (IO L 113, 28.4.2023, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/866/oj).

tiúcháin cúir comhraic dóiteáin agus tuaslagáin cúir comhraic dóiteáin chun an cúr a dhéanamh.

(8) Le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) 2019/1021 toirmisctear monarú, cur ar an margadh agus úsáid na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, bídís leo féin, i meascáin nó in earraí. I ndáil leis sin, maidir le hearraí ina bhfuil PFOA, a shalainn nó a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara a tháirgtear nó a chuirtear ar an margadh faoi dhíolúine a leagtar síos san Iarscríbhinn I sin a ghabhann leis an Rialachán sin, ar earraí iad a bhí in úsáid cheana féin ar dháta éaga na díolúine ábhartha, ba cheart a shoiléiriú go gceadaítear leanúint dá n-úsáid tar éis an dáta sin.

(9) I bpointí 3 agus 10 den iontráil maidir le PFOA, leagtar amach oibleagáid ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar theorainneacha RÉNB le haghaidh PFOA, a shalann agus a chomhdhúl PFOA-ghaolmhar maidir le feistí leighis agus substaintí áirithe atá le húsáid mar idirmheánach aonraithe iompartha. Níl aon fhaisnéis ann faoi láthair lena dtacaítear le hathrú ar na teorainneacha sin. Ós rud é gur féidir leis an gCoimisiún an iontráil maidir le PFOA a leasú má bhíonn faisnéis nua ar fáil, ba cheart na clásail athbhreithniúcháin a scriosadh.

(10) Sa chéad cholún den iontráil maidir le PFOA, faoi phointe (v), tagraítear do 'Aigéad sulfónach sárfhluarochtáin agus a dhíorthaigh (PFOS)'. Ós rud é gur athraíodh foclaíocht an chéad cholúin den iontráil maidir le PFOS go dtí 'Aigéad sulfónach sárfhluarochtáin (PFOS), a shalainn agus a chomhdhúile PFOS-ghaolmhara', ba cheart an tagairt san iontráil maidir le PFOA a athrú dá réir

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2019/1021 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5.5.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*